Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 17 Samhain 2023
(OR. en)

15131/23
ADD 2

LIMITE

DEVGEN 197
RELEX 1280
GENDER 197
FIN 1128

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Tuarascáil speisialta Uimh. 21/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis Tionscnamh Spotsolais chun deireadh a chur leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus na gcailíní<br>- Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle<br>– Ráiteas ón Ungáir |

**Dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 21/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an Tionscnamh Spotsolais chun deireadh a chur leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus na gcailíní**

PUBLIC

Ba léiriú suntasach comhthola é gur glacadh Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta (ICPD) maidir le Daonra agus Forbairt agus Ardán Bhéising le haghaidh Gníomhaíochta. Thug siad tús áite do theachtadh na gceart daonna san fhorbairt, agus rinneadh dul chun cinn tábhachtach i réimsí na sláinte, an chomhionannais inscne agus an oideachais ó glacadh iad. Tá na réimsí sin i gcroílár Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe ina gcuimsítear mar phrionsabail bhunúsacha urramú uilíoch chearta an duine agus dínit an duine, an smacht reachta, an ceartas, an comhionannas agus an neamh-idirdhealú.

Tá an Ungáir tiomanta dá gealltanais i réimse chearta an duine, lena n-áirítear cearta na mban. Táimid fíorthiomanta do chur chun feidhme Chlár Ghníomhaíochta ICPD agus Ardán Bhéising le haghaidh Gníomhaíochta chomh maith le Clár Oibre 2030, atá ag fónamh freisin mar thagairtí bunúsacha i réimsí na sláinte gnéis agus atáirgthe agus na gceart atáirgthe.

Maidir leis an téarma ‘sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe’ agus saincheisteanna gaolmhara amhail ‘cearta gnéis’, ‘oideachas cuimsitheach gnéasachta’, níl aon sainmhíniú comhthola ann orthu ar an leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear laistigh den Aontas Eorpach. Déanann an Ungáir na saincheisteanna sin a léiriú agus a chur chun cinn i gcomhthéacs Chlár Oibre 2030, Chlár Gníomhaíochta ICPD agus Dhearbhú agus Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta ábhartha. Is dá réir sin freisin a léirmhínítear na téarmaí agus na saincheisteanna a luaitear thuas sna dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 21/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an Tionscnamh Spotsolais chun deireadh a chur leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus na gcailíní.